Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7645/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0071(COD)**

**TRANS 176**
**CODEC 321**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Aibreán 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 179 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE Lena leasaítear Treoir (AE) 2016/797 agus Treoir (AE) 2016/798, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena dtréimhse thrasuí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 179 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 179 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.4.2020
COM(2020) 179 final

2020/0071 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## Lena leasaítear Treoir (AE) 2016/797 agus Treoir (AE) 2016/798, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena dtréimhse thrasuí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an togra ina chuid de na bearta éigeandála arna nglacadh ag an gCoimisiún mar fhreagairt ar an staid urghnách atá ann de thoradh ráig COVID-19.

Rud is annamh, rinneadh foráil le Treoir (AE) 2016/797 agus le Treoir (AE) 2016/798 den cholún teicniúil den 4ú Pacáiste Iarnróid do dhá rogha spriocdháta an trasuí[1] a chur ar fáil do na Ballstáit – an 16 Meitheamh 2019, nó ar fhógra a fháil ag an gCoimisiún agus ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, an 16 Meitheamh 2020. Níor thrasuigh ach 8 mBallstát an dá Threoir in 2019 (BG, FI, FR, GR, IT, NL, RO, SI).

I bhfianaise ráig COVID-19, tá iarrtha ag formhór de na 17 mBallstát nár thrasuigh an dá Threoir moill a chur ar an trasuí agus tá siad ag maíomh nach bhfuil siad in ann an reachtaíocht is gá a thabhairt i gcrích roimh an 16 Meitheamh 2020.

I bhfianaise na n-imthosca urghnácha, tá údar maith ann go bhféadfadh an trasuí críochnaitheach a bheith dodhéanta roimh an 16 Meitheamh 2020. Tá sé ríthábhachtach chun gurb ann don tsoiléireacht dhlíthiúil agus don deimhneacht dhlíthiúil, go háirithe le haghaidh an tionscail iarnróid agus gnóthais ar tairbhithe iad den Cheathrú Pacáiste Iarnróid. Tharla ráig COVID-19 ag céim dheireanach ghlacadh na mbeart náisiúnta trasuí. Ba cheart na Ballstáit fós a bheith in ann an próiseas a thabhairt i gcrích laistigh de thréimhse bhreise trí mhí. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún an mhoill ghearr de thrí mhí a bheith réasúnta.

Glacadh roinnt gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797 agus Treoir (AE) 2016/798. I bhfianaise an dá spriocdháta maidir leis an trasuí, tugadh forálacha idirthréimhseacha agus dátaí maidir le teacht i bhfeidhm isteach ann. Molfaidh an Coimisiún sraith leasuithe ar na gníomhartha cur chun feidhme chun iad a ailíniú leis an síniú ar na spriocdhátaí maidir leis an trasuí tar éis ghlacadh na Treorach atá beartaithe. Maidir leis na gníomhartha tarmligthe ábhartha[2], níorbh fhéidir spriocdhátaí an trasuí a ailíniú in am leis an nós imeachta reatha a leagtar amach in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2016/798. Dá bhrí sin, foráiltear leis an togra maidir le bunús dlí agus le nós imeachta simplithe le haghaidh ailíniú breise. Áiritheofar leis sin creat dlíthiúil comhleanúnach agus cur chun feidhme an cholúin theicniúil den Cheathrú Pacáiste Iarnróid.

Ní tionscnamh é seo atá faoi chuimsiú an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT).

---

[1] Airteagal 57 de Threoir (AE) 2016/797 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus Airteagal 33 de Threoir (AE) 2016/798 maidir le sábháilteacht iarnróid.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/761 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta sábháilteachta tar éis deimhniú aonair sábháilteachta nó údarú sábháilteachta de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2012 ón gCoimisiún (IO L 129, 25.5.2018, lch. 16).
Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/762 ón gCoimisiún an 8 Márta 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le ceanglais i ndáil le córas bainistíochta sábháilteachta de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1158/2010 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh 1169/2010 ón gCoimisiún (IO L 129, 25.5.2018, lch. 26).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na tograí i gcomhréir le bearta éigeandála foriomlána atá á nglacadh ag an gCoimisiún chun tionchar diúltach ráig COVID-19 a mhaolú agus a shárú.

Tá sé fíor-riachtanach na bearta sin a ghlacadh chun iompar earraí agus daoine a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh maidir le tionscal an iarnróid, saorshreabhadh earraí riachtanacha, paisinéirí agus pearsanra, agus seirbhísí lena mbaineann, ag brath ar fheidhmiú eacnamaíoch na ngnóthas iarnróid, bainisteoirí bonneagair agus tionscal an iarnróid chomh maith le creat dlíthiúil agus riaracháin a bheith ag feidhmiú go maith. D'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha ráig COVID-19 atá ann faoi láthair dochar a dhéanamh d'fholláine airgeadais gnóthas iarnróid agus bainisteoirí bonneagair agus tionchair dhiúltacha tromchúiseacha a imirt ar an gcóras iompair agus ar an ngeilleagar ina iomláine.

D'fhorbair an Coimisiún coincheap darb ainm 'lánaí glasa' chun teorannacha a choimeád oscailte le haghaidh lastaí agus chun trácht a mhaolú. Eisíodh treoir maidir le cearta paisinéirí agus déanfar sin a nuashonrú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar an staid fhoriomlán.

Dá bhrí sin, tá an-tábhacht ar fad ag baint le leasú na dTreoracha arb aidhm dó dul i ngleic le hábhair mhóra imní atá ann ag Ballstáit, gnóthais iarnróid, bainisteoirí bonneagair, an tionscal iarnróid.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an tionscnamh seo bunaithe ar Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóir an togra a ghnóthú go leordhóthanach ós rud é go bhfuil siad faoi cheangal ag na socruithe trasuí a leagtar amach sna Treoracha agus nach féidir na socruithe sin a leasú go haontaobhach. Ní fhéadfar an cuspóir sin a ghnóthú gan na Treoracha féin a bheith leasaithe ag an gcomhreachtóir.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis na fadhbanna a d'eascair ón ngéarchéim agus ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú, i.e. tionchar ráig COVID-19 atá ann faoi láthair a mhaolú, chun críche thrasuí na dTreoracha.

- **An rogha ionstraime**

D'fhonn cuspóir na hionstraime dlí a ghnóthú, ba cheart í bheith ar aon fhoirm leis an ionstraim dlí atá le leasú. Tá sé de phríomhaidhm ag an togra an spriocdháta maidir leis an trasuí a leasú de réir mar a d'iarr na Ballstáit.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá an beart seo práinneach de dheasca ráig agus leathadh tobann gan choinne víreas COVID-19. Ar an gcúis sin, níl an beart ábhartha don chlár um oiriúnacht rialála agus ní dhearnadh aon mheastóireacht *ex post* ina leith.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I bhfianaise phráinn an cháis, níorbh fhéidir comhairliúchán foirmiúil le páirtithe leasmhara a dhéanamh. Mar sin féin, d'iarr údaráis na mBallstát agus na páirtithe leasmhara araon ar an gCoimisiún togra a ghlacadh le haghaidh bearta iomchuí i gcomhthéacs na dTreoracha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Faoi mar a míníodh cheana, ní raibh bailiú cuí saineolais indéanta de thairbhe phráinn an cháis. Glacadh bearta éigeandála an Choimisiúin ar bhonn na fianaise eolaíche maidir le forbairt imthosca eipidéimeolaíocha.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise phráinn an cháis, níorbh fhéidir measúnú tionchair a dhéanamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

D'fhonn cur chun feidhme cuí an bhirt atá beartaithe, rud a bhfuil tionchar díreach aige ar shoiléireacht dhlíthiúil le haghaidh na earnála iarnróid, a áirithiú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún clásal fógra a thabhairt isteach le haghaidh na mBallstát a roghnaigh síneadh a chur le spriocdháta an trasuí go dtí an 16 Meán Fómhair 2020.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

2020/0071 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**Lena leasaítear Treoir (AE) 2016/797 agus Treoir (AE) 2016/798, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena dtréimhse thrasuí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 57(1) de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus le hAirteagal 33(1) de Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], ba cheart dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bheith tugtha i bhfeidhm mar is gá chun forálacha ábhartha na dTreoracha a chomhlíonadh faoin 16 Meitheamh 2019. Mar sin féin, de bhun Airteagal 57(2) de Threoir (AE) 2016/797 agus Airteagal 33(2) de Threoir (AE) 2016/798, bhí an deis ag na Ballstáit síneadh bliana amháin a chur leis an tréimhse thrasuí.

(2) Thug 17 mBallstát fógra don Choimisiún agus do Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (an 'Ghníomhaireacht') maidir le síneadh a chur le spriocdháta trasuí Threoir (AE) 2016/797 agus Threoir (AE) 2016/798 go dtí 16 Meitheamh 2020.

(3) De dheasca imthosca urghnácha gan choinne ráig COVID-19, tá deacrachtaí ag cuid de na Ballstáit an obair reachtach a thabhairt i gcrích faoin spriocdháta áirithe le haghaidh an trasuí agus dá bhrí sin tá baol ann nach gcloífidh siad leis an spriocdháta. D'fhéadfadh cás mainneachtana den sórt sin a bheith ina chúis le héiginnteacht dhlíthiúil maidir le tionscal an iarnróid, na húdaráis náisiúnta agus an

---

1 IO C , , lch. .

2 IO C , , lch. .

3 Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (athmhúnlú) (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44)

4 Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (athmhúnlú) (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102)

Ghníomhaireacht i ndáil leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le sábháilteacht iarnróid agus le hidir-inoibritheacht. Tá iarmhairtí díobhálacha ag neamhábaltacht Ballstát áirithe na Treoracha a thrasuí de dheasca ráig COVID-19 le haghaidh tionscal an iarnróid.

(4) Tá sé fíor-riachtanach chun soiléireacht dhlíthiúil agus deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh an tionscail iarnróid a thabhairt trí chead a thabhairt do na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, leanúint, ón 16 Meitheamh 2020 agus go ceann tréimhse a mbeidh teorainn léi, de Threoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] a chur i bhfeidhm.

(5) Ós rud é gur tharla ráig COVID-19 ag céim dheireanach ghlacadh na mbeart náisiúnta trasuí, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit tréimhse bhreise trí mhí a bheith acu chun próiseas an trasuí a thabhairt i gcrích.

(6) Ba cheart síneadh trí mhí a chur le spriocdháta trasuí Threoir (AE) 2016/797 agus Threoir (AE) 2016/798 go dtí an 16 Meán Fómhair 2020. Maidir le dáta aisghairthe Threoir 2004/49/CE agus Threoir 2008/57/CE, a leagtar amach in Airteagal 58 de Threoir (AE) 2016/797 agus in Airteagal 34 de Threoir (AE) 2016/798 faoi seach, ba cheart an dáta aisghairthe a choigeartú dá réir.

(7) Glacadh roinnt gníomhartha tarmligthe ar bhonn Threoir (AE) 2016/798 lena léirítear spriocdhátaí trasuí roimhe sin. Is gá na gníomhartha tarmligthe sin a ailíniú leis an spriocdháta trasuí nua sa staid reatha. Ba cheart nós imeachta simplithe a sholáthar i gcás ina n-éilítear leasú ar ghníomh tarmligthe ar mhórfhoras práinne.

(8) Ba cheart Treoir (AE) 2016/797 agus Treoir (AE) 2016/798 a leasú dá réir.

(9) Chun gur féidir na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Treoir seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir (AE) 2016/797 mar a leanas:

(1) In Airteagal 57, cuirtear an mhír 2a seo a leanas leis:

"2a. Maidir le Ballstáit a chuir síneadh le tréimhse an trasuí i gcomhréir le mír 2, féadfaidh na Ballstáit síneadh go dtí an [*16 Meán Fómhair 2020*] a chur leis an tréimhse sin. Beidh feidhm ag a mbearta trasuí ón dáta sin. Tabharfaidh na Ballstáit sin fógra de don Ghníomhaireacht agus don Choimisiún faoi lá amháin tar éis theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2020/... ar a dhéanaí.";

(2) sa chéad mhír d'Airteagal 58,

---

5 Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus muirir ar úsáid bonneagair iarnróid agus ar dheimhniúchán sábháilteachta a ghearradh (Treoir um Shábháilteacht Iarnróid) (IO L 164, 30.4.2004, lch. 44).

6 Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal (IO L 191, 18.7.2008, lch. 1).

Cuirtear “an 16 Meán Fómhair 2020” in ionad “an 16 Meitheamh 2020”.

*Airteagal 2*

Leasaítear Treoir (AE) 2016/798 mar a leanas:

(1) Cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas leis:

*“Airteagal 6a*

**Modhanna comhchoiteanna sábháilteachta a ailíniú faoi spriocdhátaí nua**

Tabharfar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27(7) chun dátaí cur i bhfeidhm gníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoi Airteagal 6(6), a ailíniú leis an spriocdháta trasuí a leagtar amach in Airteagal 33(2a).”

(2) in Airteagal 27, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

“7. De mhaolú ar mhír 1 go mír 6, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 6a ón [*dáta theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2020/...*] go dtí an [*16 Meán Fómhair 2020*]. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 27a. ”

(3) in Airteagal 27, cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

“8. De mhaolú ar mhír 2 go mír 6 agus gan dochar do mhír 7, más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 27a maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.”

(4) cuirtear an tAirteagal 27a seo a leanas leis:

*"Airteagal 27a*

**Nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 3.

2. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe de bhun an Airteagail seo, déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra a thabharfaidh sé, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.”

(5) in Airteagal 33, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“2a. Maidir le Ballstáit a chuir síneadh le tréimhse an trasuí i gcomhréir le mír 2, féadfaidh na Ballstáit síneadh go dtí an [*16 Meán Fómhair 2020*] a chur leis an tréimhse sin. Beidh feidhm ag a mbearta trasuí ón dáta sin. Tabharfaidh na Ballstáit

sin fógra de don Ghníomhaireacht agus do Choimisiún faoi lá amháin tar éis theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2020/... ar a dhéanaí. ”

(6) sa chéad mhír d’Airteagal 34,

“Cuirtear 16 Meán Fómhair 2020 in ionad “16 Meitheamh 2020”.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |